

Féile na Ceardaíochta Dhearmadta

Ní raibh mórán machnaimh déanta agam faoi na huirlisí sa tseanseid ar chúl na scoile roimh an lá a rinne muid an glanadh amach. Bhí roinnt rudaí aisteacha ann – uirlisí a raibh cosa fada orthu, frámaí adhmaid agus roth mór fiú amháin. Ní raibh mé cinnte cén chaoi ar baineadh úsáid astu san am a caitheadh.

Dúirt duine de na múinteoirí sa scoil linn gur uirlisí chun ceirde ar nós fíodóireachta agus tuíodóireachta a dhéanamh a bhí iontu. Bronnadh ar an scoil iad roinnt blianta roimhe sin. Rinne muid cinneadh níos mó a fhoghlaim fúthu. Labhair muid le roinnt de na seanchomharsana a thaispeáin dúinn conas na huirlisí a úsáid. Bhain mé triail as ciseán a fhí, fiú amháin!

D'fhonn an méid a bhí foghlamtha againn a roinnt, d'eagraigh muid lá ceardaíochta sa scoil. Rinne muid taispeántas, agus thug muid cuireadh do lucht ceardaíochta an cheantair a bheith i láthair. Mhothaigh muid an-sásta linn féin agus muid ag tabhairt na seanscileanna seo ar ais, agus iad á roinnt againn le gach duine.